Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5507/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0420 (COD)**

**TRANS 14**
**RELEX 51**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Comhaontú ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus an Iorua maidir le hoiriúnú a dhéanamh ar na léarscáileanna táscacha den ghréasán bonneagair iompair mar a bhunaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (Rialachán TEN-T)<br>- Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil |

1. An 12 Eanáir 2024, chuir an Coimisiún an Mheitheal um Iompar – Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin ar an eolas go raibh rún aige tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú ardleibhéil idir an tAontas agus an Iorua maidir le hoiriúnú a dhéanamh ar na léarscáileanna táscacha den ghréasán bonneagair iompair mar a bhunaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (Rialachán TEN-T).

2. Baineann na modhnuithe atá beartaithe leis na léarscáileanna táscacha a bhaineann leis an mbonneagar iompair de bhóthar agus le liosta na gcalafort agus na n-aerfort a thuairiscítear ar léarscáileanna táscacha TEN-T.

3. Chuir an Coimisiún a nóta[1] agus a rún maidir leis an ábhar sin faoi bhráid na Meithle an 12 Eanáir 2024. Níor chuir aon cheann de na toscaireachtaí i gcoinne údarás a bheith tugtha don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht.

[1] 5232/24

4. Thairis sin, tuigtear go rachaidh an Coimisiún ar ais ag an gComhairle ag deireadh na caibidlíochta chun a iarraidh uirthi údarú a thabhairt dó maidir le síniú an comhaontaithe ardleibhéil thar ceann an Aontais.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle a údarú don Choimisiún an comhaontú ardleibhéil thuasluaite idir an tAontas agus an Iorua a chaibidil.